



**An Phríomh-Oifig Staidrimh**  
Central Statistics Office

**Daonáireamh**  
**2011**  
**TORTHAÍ**  
[www.cso.ie](http://www.cso.ie)

## **Preas Ráiteas** **Press Statement**

### **Torthaí Daonáirimh 2011**

## **LÁNCHOSC: Níl le heisiúint roimh 10.30rn 29 Márta 2012**

Eisíodh inniu na chéad torthaí cinntitheacha de chuid daonáirimh 2011, a glacadh de láimh níos lú ná bliain ó shin ar an 10<sup>ú</sup> Aibreán 2011, agus léiríonn siad go bhfuil daonra na hÉireann tar éis leanúint ar aghaidh ag fás go láidir ó 2006 i leith, ag méadú faoi 348,404 go 4,588,252, agus léirítear go bhfuil líon iomlán na náisiúnach neamh-Éireannach méadaithe faoi 124,624 duine nó 29.7 faoin gcéad ó 419,733 go 544,357.

Breathnaíonn foilseachán an lae inniu “*This is Ireland – Highlights from Census 2011 Part 1*” ar an athrú foriomlán sa daonra ó thráth an daonáirimh dheireanach in 2006. Soláthraítear ann freisin na chéad torthaí ar aois agus pósadh, líon tí agus teaghlaigh, mar aon leis na torthaí ar náisiúntacht, teangacha iasachta, an Ghaeilge, creideamh agus tithíocht.

Deirdre Cullen, Staitisteoir Sinsearach leis an CSO: “Tá cur chuige foilsithe difriúil á ghlacadh de láimh againn i ndáil le 2011, le tuilleadh léirmhínte agus anailíse ar na sonraí a ghabhann leis an daonáireamh trí mheán láithreoireachtaí léiritheacha, léarscáileanna téamacha agus tráchttaireacht atá éasca le léamh. Tá sé mar aidhm leis an tuarascáil léargas a thabhairt ar an gcaoi ina raibh Éire i mí Aibreáin 2011, níos lú ná dhá mhí dhéag ó shin”.

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSO ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census) agus i dteannta léi tá réimse táblaí gréasáin idirghníomhacha a cheadaíonn d’úsáideoirí na sonraí a chuardach agus a íoslódáil ag baint úsáide as réimse critéar lena n-áirítear ceantar geografach.

I gcomhar leis an Ionad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (AIRO), beidh sonraí daonáirimh achomair ar fáil freisin don chéad uair i léarscáileanna téamacha i ndáil le Toghcheantair agus Ceantair Bheaga uile ag tráth foilsithe na tuarascála seo. “Tá sé mar aidhm leis an bhforbairt nua seo sonraí daonáirimh a thabhairt chun beochta ar bhealach úr agus corraitheach agus leathnófar í tríd síos ár sceideal foilsithe ionas go gclúdaítear sonraí uile um cheantair bheaga. Ní gá ach an nasc ón suíomh gréasáin a leanúint” a mhínigh Ms. Cullen.

Mar fhocal scoir dúirt Ms. Cullen “Tá sé seo ar an gcéad cheann de shraith 13 tuarascáil thar réimse téamaí daonáirimh a fhoilseofar i gcaitheamh na bliana 2012, gach ceann acu ag scrúdú ábhar difriúil ar bhonn níos mionsonraithe. Ba mhaith leis an CSO an deis seo a thógáil chun buíochas a ghabháil le gach éinne in Éirinn a chomhlánaigh a gcuid foirmeacha daonáirimh anuraidh agus as a bheith páirteach sa léargas cuimsitheach agus fíorluachmhar seo ar Éire.

### **Buaicphointí na tuarascála**

#### **Níos mó mná ná fir**

Bhí 42,854 níos mó mná ná fir sa Stát i mí Aibreáin 2011 le cóimheas inscne foriomlán de 98.1 fear in aghaidh gach 100 bean ag eascairt as. Is aisiompú é seo ar an scéal in 2006 nuair arbh ionann an cóimheas inscne agus 100.1.

#### **Méadú leanúnach sa líon daoine colscartha**

Tá méadú tagtha ar an líon daoine colscartha in Éirinn faoi 150.3 faoin gcéad ó 2002, suas ó 35,059 go 87,770 sa daonáireamh is déanaí. I gcodarsnacht tá an líon daoine a sainaitnítear mar a bheith scartha tar éis cothromú agus é cothrom le 116,194, suas beagáinín ó 107,263 in 2006.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
Éire

*Oifig i mBaile Átha Cliath*  
+353 1 498 4000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
Ireland

*Dublin Office*  
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)  
0808 234 7581 (UK/NI)



+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555  
information@cs0.ie  
[www.cso.ie](http://www.cso.ie)

## Saolaithe thar lear

Leanann líon na gcónaitheoirí Éireannacha a saolaíodh lasmuigh d'Éire ar aghaidh ag méadú agus é cothrom le 766,770 in 2011 ar ionann sin agus méadú 25 faoin gcéad ón mbliain 2006, agus ag seasamh le haghaidh 17 faoin gcéad den daonra.

Na grúpaí a léirigh an méadú ba mhó ná iad siúd bunaithe go maith in Éirinn cheana féin. Na grúpaí is gasta fáis ba ea Rómánaigh (suas 110%), Indiaigh (suas 91%), Polannaigh (suas 83%), Liotuánaigh (suas 40%) agus Laitviaigh (suas 43%).

## Inimirce

Bhí inimirce na náisiúnach Éireannaigh cothrom le 19,593 sa bhliain chuig Aibreán 2011, as sin bhí 7,338 a raibh cónaí orthu roimhe sin sa Ríocht Aontaithe, leis an Astráil mar an dara tír thionscanta is tábhachtaí (3,921) agus Stáit Aontaithe Mheiriceá sa tríú háit le 1,688.

B'ionann inimirce na náisiúnach iasachta sa bhliain chuig Aibreán 2011 agus 33,674. Níl aon tír thionscanta amháin ar leith a sheasann amach ach léiríonn na sonraí gur tháinig na hinimircigh ó mheasán mór tíortha. Tháinig na grúpaí is mó ón bPolainn, ón Ríocht Aontaithe, ón bhFrainc, ón Liotuáin, ón Spáinn agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá.

## Tír ilteangach

Cuireadh ceist ar theangacha iasachta don chéad uair i ndaonáireamh na bliana 2011. Léiríonn na torthaí gur labhair os cionn leath mhilliún cónaitheoirí Éireannach (514,068) teanga iasachta sa bhaile agus ní haon ionadh gurb í an Pholainnis an teanga iasachta ba choitianta, á leanúint ag Fraincis, Liotuáinis agus Gearmáinis.

## Méadú i líon an Lucht Siúil

Mhéadaigh an líon daoine a áirítear mar Lucht Siúil na hÉireann i ndaonáireamh 2011 faoi 32 faoin gcéad ó 22,435 go 29,573, leis na contaetha ar fad seachas Luimneach agus Port Láirge ag léiriú méaduithe níos airde ná an méadú sa daonra i gcoitinne.

## Glacadh ar cíós

Bhí nach mór 475,000 teaghlach in Éirinn ag glacadh a gcuid cóiríochta ar cíós oíche an daonáirimh 2011. Is suntasach an méadú é seo ó Dhaonáireamh 2006 nuair nach raibh cóiríocht á glacadh ar cíós ach ag 300,000 teaghlach.

## Téamh lárnach

D'fhiafraigh ceist nua ar Dhaonáireamh 2011 faoin gcineál breosla a úsáidtear i gcórais téimh lárnacha. Bhí breoslaí iontaise ar bharr na bhfreagraí le hola, gás nádúrtha agus gual á úsáid chun 4 as gach 5 teach in Éirinn a théamh. Bhí deighilt uirbeach/tuaithe soiléir le nach mór 70 faoin gcéad de theaghlaigh i gceantair tuaithe ag baint úsáide as ola chun a gcuid tithe a théamh agus gás nádúrtha á úsáid ag 52 faoin gcéad de theaghlaigh i mbailte agus i gcathracha na tíre.

## Tithe Folmha

D'fhás stoc tithíochta iomlán chuig nach mór 2 mhilliún teach, astu seo bhí nach mór 290,000 folamh oíche an Daonáirimh ag tabhairt ráta neamhshealbhaithe de 14.5 faoin gcéad. Bhí an ráta neamhshealbhaithe is airde i Liatroim le níos mó ná 30 faoin gcéad de thithe folamh ann. Tháinig Dún na nGall ina dhiaidh sin le ráta neamhshealbhaithe 29%.

## Le haghaidh cóipeanna den fhoilseachán:

Chun féachaint ar an bhfoilseachán agus é a íoslódáil, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin an CSO ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census).

## Le haghaidh breis eolais téigh i dteagmháil le:

Shaun McLaughlin ar (01) 895 1474

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Shord, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath.

Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460/61/63/66

Facs: (01) 895 1399

R-phost: [census@cso.ie](mailto:census@cso.ie)

Idirlíon: [www.cso.ie](http://www.cso.ie)